



Meán Fómhair 2019

## Maidir le: An clár vacsaínithe scoile i gcomhair dhaltaí na chéad bliana sa mheánscoil

A Thuismitheoir/a Chaomhnóir, a chara,

Is éard atá sa phacáiste seo ná eolas maidir leis na vacsaíní a gheobhaidh do pháiste go luath. Déan deimhin go léann tú an t-eolas, go líonann tú isteach an fhoirm toilithe agus go seolann tú ar ais sa chlúdach í.

### Na vacsaínithe a gheobhaidh do pháiste

Beidh foireann vacsaínithe scoile an FSS ag dul chuig na scoileanna faoi dhó i rith na scoilbhliana chun na vacsaíní seo a leanas a thairiscint:

- An vacsaín **HPV** (papalómaivíreas daonna) a thugann cosaint ar ailsí
- **Tdap** vacsaín a thugann cosaint ar theiteanas, dhiftéire agus ar an triuch (Pertussis)
- **MenACWY** (Meiningeacocúil) vacsaín a thugann cosaint ar chineálacha meiningeacocúla A, C, W agus Y, arbh fhéidir leo bheith ina gcúis le meiningíteas agus seipticéime.

### An méid dáileog gur gá le do pháiste a fháil

Is gá go bhfaigheadh do pháiste:

- Dáileog amháin Tdap agus dáileog amháin MenACWY
- Dhá dháileog de vacsaín HPV (Má tá do pháiste 15 bliana d'aois nó os a cionn beidh trí dháileog uathu)

Tabharfaidh an t-altra nó an dochtúir instealladh amháin i ngach lámh.

### Cathain a dhéanfar an vacsaíniú?

- Ba cheart go dtarlódh **an chéad chuairt** ó lár mhí Mheán Fómhair ar aghaidh chun an vacsaín HPV (dáileog a haon) agus an vacsaín Tdap a thabhairt
- Ba cheart go dtarlódh **an dara cuairt** ó lár mhí Fheabhra ar aghaidh chun an vacsaín HPV (dáileog a dó) agus an vacsaín MenACWY a thabhairt

Beidh a fhios ag an scoil an dáta ar a mbeidh an vacsaíniú le déanamh.

### Na nithe a gheobhaidh tú leis an litir seo

- Bileoga eolais faoi na vacsaíní agus na galair a gcuireann siad cosc orthu. Léigh an t-eolas sin go cúramach agus bain úsáid as chun na vacsaíní a phlé le do pháiste, le do thoil.



Oifig Náisiúnta Imdhíonta  
Tá eolas teagmhála na n-oifigí áitiúla thall

HSE National Immunisation Office  
Please see overleaf for your Local Office Contacts  
[www.immunisation.ie](http://www.immunisation.ie) [www.hpv.ie](http://www.hpv.ie)

- Foirm toilithe le haghaidh vacsaínithe.
  - Líon isteach an fhoirm toilithe le do thoil.
  - Seol ar ais an fhoirm sa chlúdach sula dtosófar an vacsaíniú.
  - Ní mór an fhoirm sin a líonadh isteach i mBLOCLITREACHA le peann agus ní mór go síneadh an tuismitheoir nó an caomhnóir í.

### Conas cabhrú le do pháiste ar lá an vacsaínithe

Ar lá an vacsaínithe, déan cinnte de le do thoil go mbeidh an méid seo a leanas déanta ag do pháiste:

- Bíodh bricfeasta ite aige nó aici
- Bíodh barréide ghearmhuinchilleach scaoilte air nó uirthi
- Tógadh sé nó sí ar scoil an cárta taifid vacsaínithe nó an pas imdhíonta, má tá a leithéid aige nó aici.

Má tá ceist nó ábhar buairimh ar bith agat, beidh an fhoireann vacsaínithe scoile lánsásta cuidiú leat. Tá sonraí teagmhála na bhfoirne vacsaínithe ar fáil sa phacáiste seo.

Tá tuilleadh eolais ar fáil chomh maith ag [www.immunisation.ie](http://www.immunisation.ie) agus [www.hpv.ie](http://www.hpv.ie)

Le meas

---

An Dr Kevin Kelleher  
Stiúrthóir Náisiúnta Cúnta  
An Oifig Náisiúnta um Shláinte Phoiblí/Sláinte Páistí  
Pleanáil Straitéiseach agus Bunathrú  
Uimhir Chlárúcháin Leighis 19719